Please see English Version Below

# Nuachtlitir Aibreán 2013

Fáilte go dtí Nuachtlitir Futa Fata.

## Aonach Leabhar Bologna



**D'éirigh thar barr le Futa Fata ag an aonach i mbliana. Cuireadh an-suim i gcatalóg na comhlachta, go háirithe i roinnt de na pictiúrleabhair nua! Ní féidir linn an iomarca a rá go fóill ach táimid dóchasach go mbeidh scéalta móra againn daoibh go luath. Bhí an taispeántas "Pictiúr" ar súil i mBologna chomh maith. Taispeántas é seo a chuir Laureate na nÓg, Niamh Sharkey, le chéile ar shaothair mhaisitheoirí Éireannacha agus is údar bróid dúinn é go bhfuil pictiúir le Steve Simpson ón leabhar *Mise agus an Dragún* agus obair Donough O' Malley ón leabhar *An Coileach Codlatach* léirithe ann.Tá an taispeántas ar chamchuairt san Eoraip faoi láthair agus beidh sé le feiceáil anseo sa mbaile san Fhómhair.**




## Mise Máire Treasa, Mí-Abha - Is linne an tolg!

**Mí-abha! Tá sí ar ais! Tá** [Mise Máire Treasa](), **an caitín ceanndána, curtha amach go bhfuil tolg nua faighte ag Mam agus Daid agus nach bhfuil aon chead aici a crucaí a scríobadh air! Ó bhó go deo! Ní cuirfidh Máire Treasa suas leis sin! Scéal aláinn greannmhar eile ón scríbhneoir Fraincíse, Gerard Moncomble. Maisithe ag Frédéric Pillot agus aistrithe go Gaeilge ag Patricia Mac Eoin, is leabhar iontach é seo do pháistí óga atá ag tosú ag léamh ar a gconlán féin. Tá an leabhar ar fáil anois sna siopaí nó ar líne ag**
www.futafata.ie

## Féile Idirnáisiúnta Litríocht-Cúirt!



Tá bís ar Futa Fata a bheith ar clár Cúirt 2013! Bígí cinnte súil a choinneáil amach do Patricia Forde i nGaillimh ar an 24ú Aibreán agus i leabharlann na Ceathrún Rua ar an 25ú Aibreán.Tá carachtar spleodrach nua aici le cur in aithne daoibh! Sí sin an foghlaí mara, Lísín! Foghlaí mara a bhfuil a tuismitheoirí tar éis í a sheoladh chuig scoil an-ghalánta ar fad! Ach an féidir le foghlaí mara réiteach le páistí ardnósacha? I gcuideachta Patricia beidh Tadhg Mac Dhonnagáin agus é ag cur tionlacan ceoil le scéal Lísín chomh maith le bleaist amhrán á chanadh aige óna dhlúthdhioscaí, ina measc Ceol na Mara agus Peigín Leitir Móir.




## Mise agus an Dragún i bhFraincís


Un Dragon, même pas peur! Tá Mise agus an Dragún ar fáil anois san Fhrainc agus é foilsithe ag Gautier-Languereau. Seo é an chéad leabhar le Futa Fata a aistríodh go Fraincís! Tá bís orainn agus súil againn go mbainfidh páistí na tíre sin fíor-thaitneamh as an leabhar! Allez le dragon!

---

** Leagan Béarla Thíos **

---

## Bologna Children's Book Fair




Futa Fata had a very exciting few days at the Bologna Book Fair. Tadhg was kept busy meeting literary agents and publishers showcasing the company's catalogue. For now all we can say is there have been some very exciting developments! Watch this space!!! "Pictiúr" was very warmly received at the fair also.The exhibition, curated by Laureate na nÓg, Niamh Sharkey, features 21 Irish artists including Donough O'Malley for his work on An Coileach Codlatach and Steve Simpson for his work on Mise agus an Dragún.The exhibition is currently touring Europe and will be back for an Irish tour in the Autumn!

## Mise Máire Treasa, Mí Abha – Is linne an Tolg!




She is back and full of her infamous c-attitude! We are delighted to introduce the third book in this quirky series written by Gerard Moncomble, illustrated by Frederic Pillot and translated by Patricia Mac Eoin.The lovable, but roguish cat, Máire Treasa is less than pleased when she is banned from sharpening her claws on the brand new couch! She wants the old comfy couch back and what Máire Treasa wants….Máire Treasa gets! Available now in all good bookshops or online at www.futafata.ie. RRP €5.95. Miaow!

## Cúirt-International Literature Festival

We are absolutely delighted to be on the programme for this years Cúirt Festival. Patricia Forde will introduce her new character, the feisty pirate, Lísín, to young audiences in Galway City and in Carraroe Library, Co. Galway. Tadhg Mac Dhonnagáin will be on hand to liven things up with a sing song – keeping the aquatic theme going with songs from his CD's Ceol na Mara and Péigín Leitir Móir! Information and booking can be found here.






## Mise agus an Dragún goes French!

Our first ever French translation has just been published by Gautier-Langeureau. Mise agus an Dragún or Un Dragon, meme pas peur! is now available in France. We hope the children there will enjoy the story of our brave (but slightly nervous) dragon hunter! Allez le dragon!



Futa Fata
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Faigheann Futa Fata tacaíocht leanúnach ó Chlár na Leabhar, Foras na Gaeilge ; ón gComhairle Ealaíon, dá chlár foilsitheoireachta

Teil:091-504612
R-Poist: eolas@futafata.ie
www.futafata.ie

*Suíomh Gaeilge is fearr*
*Irish Web Awards 2012*

*Ceart ar cosaint © 2012 All rights reserved*
*Distributors/Dáilitheoirí: Gill & Macmillan/ IES/ Argosy/ Book Nest*

do pháistí ; ó COGG, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, dá bhfoilseacháin oideachasúla agus ó thráth go chéile, ó Ealaín na Gaeltachta do thograí éagsúla ealaíne.